



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATH -AOIS, 1492-1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**

**Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

### *Treoracha d'Iarrthóirí*

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór sa Nua-Aois Luath: Topaic 2)  
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór sa Nua Aois Luath: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.  
Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Meathlú chalafort Antuairp***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Dar le doiciméad A, cén fáth a bhfuil an Ísiltír chomh mór sin faoi an-bhuairt agus faoi an-anó?  
(b) I ndoiciméad A, cad atá á iarraidh ar ais ag áitritheoirí na hÍsiltíre?  
(c) Dar le doiciméad B cé a bhí ar dhuine de phríomhnaimhde na hÍsiltíre?  
(d) Dar le doiciméad B, cad a bhagair scrios iomlán a dhéanamh ar an tís?  
(e) Ó dhoiciméad B, cad air a bhfuil rachmas na hÍsiltíre bunaithe? (40)
2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an cuntas is beoga de ghníomhaíochtaí na saighdiúirí Spáinneacha? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.  
(b) Déan comparáid idir an bhail atá ar an Ísiltír faoi mar atá léirithe sa dá dhoiciméad, A agus B. Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra. (20)
3. (a) An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é doiciméad A? Mínigh do fhreagra.  
(b) Ó dhoiciméad B, cén fhianaise is féidir leat a fháil go raibh an trádáil an-tábhachtach in Antuairp? (20)
4. Cad iad na tosca ba chúis le meathlú chalafort Antuairp? (20)

- Doiciméad A -

**Sliocht leasaithe as Síothú Ghent, conradh síochána a síníodh ceithre lá i ndiaidh do shaighdiúirí Spáinneacha Antuairp a chreachadh, 8 Samhain 1576.**

Tá an-bhuairt agus an-anó tite ar an Ísiltír mar gheall ar chogadh cathartha, ar rialtas dian uaibhreach, ar robálacha agus ar chlampar na Spáinneach agus a lucht tacaíochta le naoi nó deich de bhlianta anuas.

D'éirigh na saighdiúirí Spáinneacha amach cúpla uair, rinne siad bagairt ar thiarnaí agus ar bhaile móra agus ghlac siad seilbh ar mhórán áiteanna le lámh láidir, á robáil agus á ndó go talamh.

Chun léirsíos iomlán a sheachaint, tagann áitritheoirí na hÍsiltíre le chéile i gcumann buan síochána agus aontaíonn siad an ruaig a chur ar na Spáinnigh, atá ina bplá phoiblí.

Déanann na háitritheoirí an méid sin sa chaoi go dtabharfar ar ais dóibh na seanphribhléidí, na nósanna agus an tsaoirse a bhíodh acu le go bhféadfaidh trádáil agus rachmas filleadh arís.

Foinse: E. H. Kossman agus A. F. Mellink, *Texts concerning the Revolt of the Netherlands*, Londain: Cambridge University Press, 1974.

- Doiciméad B -

**Ar an 26 Iúil 1581 chinn na hEastáit Ghinearálta diúltú go foirmiúil do Philip II mar rí orthu, ar an gcúis gur bhris sé a chonradh leo. Déileáinn an sliocht leasaithe seo le cuid den dochar a rinne na Spáinnigh.**

Bhí míchlú ar Dhiúc Alva mar gheall ar chomh dian agus chomh fiorchruálach agus a bhí sé. Bhí sé ar dhuine de phríomhnaimhde na stát seo.

D'athraigh sé an córas rialtais agus an córas dlí i mórán áiteanna, agus sna príomh-chathracha, ag sárú phribhléidí na tíre go díreach.

Rinne sé iarracht, le láimh láidir, cáin deich faoin gcéad a ghearradh ar dhíolachán earraí agus déantúsaíochta de gach sórt. Bhí an baol ann go ndéanfadh an cháin seo an tir a scriosadh go hiomlán, tir a bhfuil a leas agus a rachmas ag brath ar thrádáil agus ar dhéantúsaíocht den chuid is mó.

D'ionsaigh na saighdiúirí Spáinneacha cathair Antuairp agus rinne siad a mbealach isteach inti le láimh láidir, ag scriosadh, ag réabadh, ag loscadh agus ag marú. Rinne siad dochar nach féidir cur síos air, ní hamháin dóibh siúd a bhí ina gcónaí san áit, ach freisin do náisiúin an domhain ar fad nach mór a raibh a gcuid airgid agus a gcuid earraí acu ann.

Herbert H. Rowen, *The Low Countries in early modern times: selected documents*, Londain: Macmillan, 1972.

**ROINN 2: ÉIRE**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*  
**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tháinig an tArdeaspag George Brown go Baile Átha Cliath, Iúil 1536, chun Reifirméisean Anraí VIII a chur chun cinn. I dtuairisc a sheol sé go Londain rinne sé gearán gur ar éigean a thug aon duine de na hocht nduine fichead de na heaglaisigh shinsearacha i mBaile Átha Cliath aon tacáiocht dó. Léigh an sliocht leasaithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ó tháinig mé anall, ní féidir liom a áitiú ar aon sagart briathar Dé nó teideal dlisteanach ár bpriónsa ró-oírirc a theagasc. Ní féidir liom é sin a áitiú orthu le spreagadh caoin, le treoir nó le bagairtí diansmachta.*

*San am a caitheadh, is minic a bhídís ag teagasc ar an seanbhealach, fiú go dtí go raibh dea-Chriostaithe turseach diobh.*

*Ach anois ní osclóidh siad a mbéil ag am ar bith in aon phuilpid chun teideal an rí a theagasc. Ach i gcúinní agus i measc daoine mar iad féin, cuireann siad a dtuairimí in iúl le díograis. Cuireann siad bac ar mo chuid oibre féin i measc an phobail agus milleann siad i.*

Henry A. Jefferies, *The Irish Church and The Tudor Reformations*, Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2010.

1. Cén dream nach féidir leis an Ardeaspag George áitiú orthu teagasc a dhéanamh?
2. Cad iad na hiarrachtaí atá déanta aige chun na sagairt a chur ag teagasc?
3. Cad atá Brown ag iarraidh ar na sagairt a theagasc?
4. Conas a chuireann na sagairt bac ar obair Brown agus conas a mhilleann siad í?
5. Cad é an teideal nua a bhí ag an rí a raibh roinnt deacrachtaí ag na sagairt leis?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scriobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Con Bacach Ó Néill.
2. An Tiarna Leonard Grey agus Conradh na nGearaltach.
3. Mainistreacha agus a ndíscaoileadh.
4. Sir Anthony St. Leger.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'éirigh Gearóid Mór, an t-ochtú hIarla ar Chill Dara, chomh cumhachtach sin in Éirinn?
2. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Plandál Laoise agus Uíbh Fhailí?
3. Cad iad na cearta maoine a bhí ag mná pósta faoi dhlíthe na nGael?
4. Conas a cuireadh oiliúint ar bhaird i Scoileanna na mBard?

*Éire: Topaic 2*  
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Togadh an sliocht leasaithe seo as tuarascáil a scríobh Meiler Magrath, in 1590, faoin Dr Dermot Creagh, easpag Caitliceach Chorcaí agus Chluana. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tháinig Creagh anall go hÉirinn in am an éirí amach i nDeasumhain agus tá sé ansin fós gan pardún ná cosaint. Mar leagáid an phápa, tá cumhacht spioradálta aige sa chúige go léir. Déanann sé sagairt a oirniú, páistí a chóineartú agus cásanna pósta a shocrú.*

*Aithnítear go forleathan go bhfuil Creagh ar dhuine de na daoine is dainséaraí a tháinig anseo riamh. Tá sé tar éis leanúint leis níos faide ná aon duine eile dá shórt. Tá níos mó dochair déanta aige cheana féin le dhá bhliain anuas ná mar a rinne an Dr Sanders.*

*Spreagann an Creagh seo an téar ar fad chun a bheith mídhílis agus chun dlíthe a bhriseadh, mar go bhfuil cáil chomh mór sin air.*

Foinse: Henry A. Jefferies, *The Irish Church and The Tudor Reformations*, Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2010.

1. Cathain a tháinig an Dr Dermot Creagh go hÉirinn?
2. Cad iad na poist a bhí ag Creagh?
3. Cén obair a rinne Creagh sa chúige?
4. Dar le Magrath, cén dochar a rinne Creagh?
5. Cén fáth a raibh an oiread sin conspóide ag baint le gairm reiligiúnach Meiler Magrath?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Séan Ó Néill.
2. An tÉirí Amach i nDeasumhan.
3. Cogadh na Naoi mbliana.
4. Séanadh in Éirinn i réimeas Eilíse.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Aodh Ó Néill arm le chéile agus conas a mhéadaigh sé a chumhacht in Ulaidh?
2. Cad a chuir Agnes Campbell agus/nó Gráinne Ní Mháille le sochaí na hÉireann?
3. Conas a d'athraigh Baile Átha Cliath le linn don Bhanríon Eilís a bheith i réim, 1558-1603?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag an Ardeaspag Adam Loftus in Éirinn?

An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtair in Éirinn, 1603 – 1660

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Déanann an sliocht leasaithe seo cur síos ar fhilleadh EoghainRua Uí Néill ar Éirinn i mí Iúil 1642. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In ainneoin gur cuireadh túis leis an éirí amach in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 1641, níor scaoileadh EoghanRua Ó Néill saor ó dhualgais ar son na Spáinne i bhFlóntras go dtí lár na bliana 1642. Thaistil sé ó Ostainn go hÉirinn agus thug sé leis cúpla céad saighdiúir Éireannach a raibh cleachtadh acu ar chogaiocht, chomh maith le soláthairtí mileata.*

*Ar deireadh thiart, sheol EoghanRua isteach go Loch Súilí i mí Iúil 1642 agus ghluais sé leis go Caisleán na dTuath, Co Dhún na nGall. As seo, chuaigh sé go Dún Achadh an Dá Chora, Co Ard Mhacha, chun bualadh le Sir Félim Ó Néill, ceannaire an éirí amach sa Tuaisceart ... cheadaigh Sir Félim, go drogallach, d'EoghanRua ceannas a glacadh ar arm Uladh i mí Lúnasa 1642.*

*Níos déanai, rinne EoghanRua cur síos ar na fáthanna a bhí aige le filleadh ar Ulaidh mar seo a leanas ‘ní saint san ór, ná dúil i ngradaim, ach diógrais do Theach Dé agus a bheith turseach den chuing throm faoina bhfaca mé muintir mo thíre ag fulaingt, a thug anseo mé ó chríocha ina bhféadfainn deireadh mo shaoil a chaitheamh níos suaimhni ná mar a d’fhéadfainn go deo anseo in Ulaidh.’*

Foinse: Clive Holluk, *The Battle of Benburb, 1646*, Corcaigh: The Mercier Press, 2011.

1. Cá raibh EoghanRua Ó Néill nuair a thosaigh éirí amach 1641?
2. Cad a thug EoghanRua leis go Cúige Uladh?
3. Cathain a ghlaic EoghanRua ceannas ar arm Uladh?
4. Cén dá chúis a bhí ag EoghanRua le filleadh ar Ulaidh, dar leis fein?
5. Cén ceannaire Albanach a bhfuair EoghanRua an bua air ag Cath na Binne Boirbe?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Buckingham agus Éire.
2. Na Ceithre Máistrí.
3. Teistíochtaí 1641.
4. Trasphlandálacha Chromail.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas

1. Cén fáth ar cuireadh Strafford chun trialach agus cén toradh a bhí ar an triail?
2. Cén tionchar a bhí ag an Ardeaspag Rinuccini ag Comhdháil Chill Chainnigh?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Lováin i gcúis an Fhrith-Reifirméisin in Éirinn?
4. Cad a chuir Richard Boyle, agus a chlann, le gnóthaí na hÉireann?

Éire: Topaic 4  
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea seo as *The destruction of Cyprus: being a secret history of the war of revolution in Ireland*, a scríobh an Coinéal Charles O’Kelly, sa bhliain 1692. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cuireadh túis le Conradh Luimnigh ar an 26 Meán Fómhair agus lean sé ar aghaidh go dtí an 3 Deireadh Fómhair nuair a cuireadh críoch leis. Bhí daoine ann a bhí sásta leis agus daoine eile nach raibh.*

*Ach ba é an t-athrú mór a tháinig ar an Sáirséalach ba mhó a chuir ionadh ar dhaoine. Tharla an t-athrú seo go tobann agus ní raibh suíl ar bith leis. Bhí an Sáirséalach anois ar dhuine de na ceannfoirt ba ghníomhái a bhí ag cur an Chonartha chun cinn. Rinne sé a dhicéall a áitiú ar na coirnéil agus ar na captaein aontú leis.*

*Dúirt sé nach raibh mórán soláthairtí fágtha agus nach raibh suíl le haon soláthairtí ón bhFrainc go dtí an t-earrach dár gcionn; dá ndiúltóidís do na téarmaí a bhí á dtairiscint dóibh anois nach mbeadh dada le fáil acu nuair a bheadh a gcuid soláthairtí ídithe. Mar sin de, ní raibh de rogha acu ach géilleadh anois.*

*De bharr an údaráis a bhí ag an Sáirséalach agus a dhíograis ar son a thíre, ghlac siad lena raibh molta aige, cé gur le drogall agus le haiféala a rinne siad sin.*

Foinse: Luate in James Carty, *Ireland from the Flight of the Earls to Grattan’s Parliament*, Baile Átha Cliath: C. J. Fallon, 1949.

1. Dar le O’Kelly, cén t-athrú mór sa Sáirséalach a chuir altacht ar a lucht leanúna?
2. Cén dream ar áitigh an Sáirséalach orthu gur chóir glacadh le Conradh Luimnigh?
3. Cad iad na hargóintí a d’úsaíd an Sáirséalach chun a áitiú gur chóir glacadh le Conradh Luimnigh?
4. Cén fáth ar glacadh leis na moltaí a bhí ag an Sáirséalach?
5. Cad a bhí i gConradh Luimnigh?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chéad Diúc ar Urumhain mar fhear ionaid an rí.
2. Oilibhéar Pluincéid.
3. An tábhacht a bhain leis an Acht Comhéigin agus leis an Acht Loingseoireachta.
4. An tástáil shacraiminteach, 1704.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé a ghair Parlaimint 1689 agus cad iad na hathruithe tábhachtacha a rinne sí ar an dlí?
2. Cad iad na hábhair ar scríobh na filí Seacaibíteacha fúthu de ghnáth?
3. Cén ról a d’imir Samuel Louis Crommelin i dtionscal an línéadaigh?
4. Tar éis na hAthghairme, cad iad na hathruithe suntasacha a rinneadh ar Bhaile Átha Cliath?

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa bhliain 1724 d'fhoilsigh Jonathan Swift paimfléad inar cháin sé leathphinginí Wood faoin ainm M. B. Drapier. (Litreacha Drapier). Léigh an slíocht leasaithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an miotal as a ndearna Wood a chuid leathphinginí chomh suarach sin agus bhí sia chomh beag sin i gcomparáid leis na cinn Shasanacha nach dtabharfadhbh oibrithe copair níos mó ná pingin amháin d'airgead maith duit ar dhá phingin déag dá chuid airgid.*

*Chomh luath agus a fuair Wood a phaitinn, sheol sé mórán bairillí de na leathphinginí seo go Corcaigh agus go bailte eile ina raibh calafoirt farraige. Thairg sé luach céad punt dá chuid bonn ar luach seachtó nó ochtó punt in airgead geal. Ach dhiúltaigh bailitheoirí custaim an Rí iad a thógáil, agus rinne mórán gach duine eile amhlaidh freisin. Tá siad cáinte ag an bParlaimint agus tá iarrtha aici ar an Rí stop a chur leo.*

*Mar sin, níl de rogha aige ach déanamh mar is fearr a fhéadfaidh sé lena chuid leathphinginí. Níl iallach ar aon fhearr iad a thógáil. Tá gach duine anseo ar aon fhocal, ag dearbhú nach mbeidh dada le déanamh acu lena earra.*

Foinse: Carl Van Doren (Ed.), *The Portable Swift*, Nua-Eabhrac: The Viking Press, 1961.

1. Cén fáth nár bhí mórán leathphinginí Wood?
2. Cé a dhiúltaigh glacadh le leathphinginí Wood?
3. Cé a cháin leathphinginí Wood?
4. Cad atá Swift ag iarraidh ar dhaoine a dhéanamh faoi leathphinginí Wood?
5. Cén t-ábhar eile ar scríobh Swift paimfléad air?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Séarlas Ó Conchubhair.
2. Na Tírghráthóirí.
3. Teacht chun cinn na drámaíochta i mBaile Átha Cliath.
4. Tionscail an línéadaigh agus na grúdaireachta.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Conas a bhain na Ponsonbys úsáid as a gcuid cumhachta?
2. Cén fáth a raibh na Buachaillí Bána míshásta agus cad iad na gníomhartha a rinne siad?
3. Cad iad na himeachtaí a raibh triail agus bású an Athar Nioclás Mac Síthigh i gCluain Meala sa bhliain 1766 mar thoradh orthu?
4. Cad iad na tionchair ón iasachta a thug Turlach Ó Cairealláin isteach ina chuid cumadóireachta?

Éire: Topaic 6  
Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Theith Chevalier De Latocnaye, Uasal ón mBriotáin, ó Réabhlóid na Fraince. Scríobh sé leabhar faoina thuras siúil timpeall na hÉireann, 1796-97. Léigh an sliocht leasaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ghluais mé trí Lios na gCearrbhach, Cromghlinn agus Dromore; tá an chéad dá cheann i gceantar álainn ina bhfuil an talamh saothraithe go foirfe. Tá Cromghlinn ar ard os cionn talaimh atá thar a bheith torthúil agus saibhir. Is ag Lios na gCearrbhach a bhunaigh teifigh ón bhFrainc déantúsaiocht an línéadaigh den chéad uair. Tá sé ar an tionscal is mó in Éirinn, go háirithe sa tuaisceart. Bhí na tri bhaile lán le saighdiúirí agus le hÓglaigh. Mar sin de, chuaigh mé ar aghaidh go Droichead na Banna.*

*Tá an ceantar gafa go hiomlán le déanamh línéadaigh, ach tá meath tar éis teacht ar an trádáil de bharr na dtrioblóidí le tamall anuas. Cuirtear dlí mileata i bhfeidhm go dian ar na háitritheoirí. Ni raibh cead acu soilse a bheith lasta acu ina gcuid tithe tar éis a naoi a chlog agus bhí an baol ann go ngabhfaí aon duine a mbéarfaí air ar an tsráid i ndiaidh an ama sin.*

*Bhí aonach ar siúl sa bhaile fad a bhí mé ann agus bhí cursaí siochánta go maith lena linn. Mháirseáil na saighdiúirí trí áit an mhargaidh agus chuir siad iallach ar mhná a raibh aon rud glas á chaitheamh acu, ribín nó rud ar bith eile, é a bhaint diobh.*

Foinse: luaite in Padraic O'Farrell, *The '98 Reader*, Baile Átha Cliath: Lilliput Press, 1998.

1. Dar le De Latocnaye, cé a bhunaigh tionscal an línéadaigh i Lios na gCearrbhach?
2. Cad is cúis leis an meath i dtrádáil an línéadaigh?
3. Cad iad na srianta a bhí ar shaol laethúil na ndaoine i nDroichead na Banna?
4. Cén dath nár cheadaigh saighdiúirí do dhaoine é a chaitheamh i 1796-1797?
5. Cén fáth a raibh saighdiúirí chomh gníomhach sin i gcúige Uladh i 1796-1797?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh Saoirse Mheiriceá agus na hÓglaigh.
2. Bunú an Oird Oráistigh.
3. An ailtireacht Sheoirseach.
4. Nano Nagle agus an t-oideachas.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na slite inar éirigh le gairm pholaitiúil Henry Grattan agus cad iad na slite inar theip uirthi?
2. Cén fáth ar theip ar an éirí amach i Loch Garman sa bhliain 1798?
3. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhaigh Nuad agus cad iad na príomhaidhmeanna a bhí leis?
4. Cad iad na róil a d'imir John Fitzgibbon agus Tiarna an Chaisleáin Riabhaigh i rith Acht an Aontais?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

### Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1  
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567*

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

I mí Aibreáin 1521, d'iarr Martin Luther ar Diat Worms tacú lena chuid tuairimí reiligiúnacha. Labhair an tImpire Séarlas V leis an Diat an lá ina dhiadh sin. Sliocht is ea é seo leanas as an óráid a thug Séarlas V. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.

*Tá manach amháin, ar chuir a bhreith phríobháideach amú é, tar éis iompú i gcoinne an chreidimh atá ag gach Críostai le mile bliain nó níos mó agus maíonn sé go sotalach go raibh gach Críostai roimhe seo mícheart. Dá bhri sin, tá mé tar éis mo chríocha go léir, mo chairde, mo chorp agus mo chuid fola, mo bheatha agus m'anam a leagan síos ar son na cùise seo.*

*Tar éis do Luther a fhreagra ceanndána a thabhairt inné, tá aiféala orm gur fhan mé chomh fada seo le gníomhú ina choinne féin agus a theagasca bréagacha. Tá cinneadh déanta agam anois gan cluas a thabhairt dó go deo arís, ar chuntar ar bith.*

Déanfar é a thionlacan abhaile faoi choisint faoina choimirce aistir. Ní bheidh cead aige, áfach, seanmóireacht a dhéanamh agus daoine a chur amú lena theagasc mailís each agus iad a ghriosú chun ceannairce.

1. Dar le Séarlas V, conas a cuireadh Luther amú?
2. De réir mar a dúirt Séarlas V, cad é an ní a raibh Luther iompaithe ina choinne?
3. Cén bharúil a bhí ag Séarlas V den óráid a thug Luther ag an Diat?
4. Cad a choisc Séarlas V ar Luther a dhéanamh?
5. Cén cáineadh mór a rinne Luther ar an Eaglais Chaitliceach?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ealaín agus reiligiún.
2. Hernan Cortes.
3. Jacob Fugger.
4. An choimhlint in aghaidh na dTurcach san Eoraip.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon chomh hachrannach sin?
2. Conas a athraíodh Sevilla de bharr fionnachtain an Domhain Nua?
3. Cén fáth a gceaptar gurbh ealaíontóir den scoth é Michelangelo Buonarroti?
4. Cad iad na príomhghhnéithe a bhain leis an saol sa Ghinéiv in aimsir Calvin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3  
Éicilis na Sean-Eorpa, 1609-1660*

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as tuarascáil a scriobh spaire Francach sa seachtú haois déag. Tuairiscíonn sé ar na buntáistí a bhí ag an gcabhlach Ollannach orthu siúd a bhí in iomaíocht leo. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is annamh a úsáideann na hOllannaigh aon long i gcomhair trádála ach ‘fliúiteanna’ a ndéanann frigéid armáilte iad a thionlacan le linn cogaidh. Is soithigh mhóra iad na fliúiteanna seo a bhfuil boilg lasta mhóra iontu atá in ann mórán earrai a iompar. Ní longa maithe iad i gcomhair seoltóireachta. Bíonn ar na Francaigh ceathrar nó cúigear fear a chur ar bord soitheach de fiche nó tríocha tonna, chun iad a sheoladh. Cuireann na hOllannaigh beirt nó triúr ar a mhéad orthu.*

*Saothraíonn mairnéalach Francach 12, 16, 18, nó 20 livre in aghaidh na míosa. Tá an mairnéalach Ollannach sásta le deich nó dó dhéag de livre agus íocatar na hoifigigh i gcomhréir leis sin.*

*Ní mór mairnéalaigh Francacha a bheathú le harán, fíon, brioscáí déanta as min chruthneachta ion, feoil úr agus sailte, trosc, scadán, uibheacha, piseanna, pónairí agus nuair a itheann siad iasc ní mór é a bheith blaistithe go maith.*

*Bíonn na hOllannaigh sásta le beoir, arán agus brioscáí seagail, cáis, uibheacha, im, beagán feola atá sailte, piseanna, brachán, agus gach lá itheann siad mórán iasc tirim gan aon bhlaistiú, atá i bhfad níos saoire ná feoil. Is iad na hOllannaigh an dream is tiosáí agus is stuama de na náisiúin ar fad agus is iad is lú atá tugtha do shó agus do chaiteachas nach bhfuil gá leis.*

1. Cad iad na cineálacha long a d’úsáid na hOllanaigh i gcomhair trádála?
2. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis na longa seoil Ollannacha?
3. Conas mar a bhí pá na mairnéalach Ollannach i gcomparáid le pá na mairnéalach Francach?
4. Cén fáth a bhfuil sé níos costasaí mairnéalaigh Francacha a bheathú ná mairnéalaigh Ollannacha?
5. Seachas na hOllannaigh, cén dá chumhacht a tháinig chun tosaigh le linn na tréimhse seo?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Cogadh Tríocha Blaíain.
2. An Cairdinéal Richelieu.
3. Géarleanúint na gCailleach.
4. Teacht chun cinn na heolaíochta turgnamhaí.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh na Catalónaigh amach agus cén fáth nár bhain siad amach a n-aidhmeanna?
2. Cén fáth ar chuir an Chúistiúnacht Galileo chun trialach agus cén toradh a bhí ar an triail sin?
3. Cén bunús a bhí le himpireacht na hOllainne san Áise agus cé chomh forleathan agus a bhí sí?
4. Cad a chuir Claudio Monteverdi agus Peter Paul Rubens le ceol agus ealaín Bharócach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tharla tubaiste mhillteanach do na Francaigh ag Cath Blenheim, 13 Lúnasa 1704, le linn Chogadh Chomharbas na Spáinne. Tháinig Méröde-Westerloo slán agus rinne sé cur síos ar an gcaoi ar tiomáineadh a marcschlua thar bhruach géar, amach ar an talamh riascach agus isteach sa Danóib. Léigh an sliocht seo ón gcuntas a thug sé agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an bruí chomh mór sin gur iompraiodh mo chapall trí chéad céim gan crúb a chur ar an talamh, an bealach ar fad go dtí imeall ailte doimhne. Síos linn le fána ar a laghad fiche troigh agus isteach i móinéar riascach. Baineadh tuisle as mo chapall agus thit sé.*

*I gceann meandair, thit cúpla fear agus capall i mo mhullach. Scuab an méid a bhí fágtha de mo mharcschlua amach tharam, iad ar fad measctha leis an namhaid a bhí go dlúth sna sála orthu. Chaith mé cúpla nóiméad sáinnithe faoi mo chapall, nach raibh marbh ach a bhí go hiomlán traochta.....*

*Scaoil mé mé féin ón gcarnán de chapail mharbha a bhí tar éis titim inár mullach. Is ar éigean a bhí mé ar mo chois nuair a scooil saighdiúir a bhí ag dul thar bráid piléar as a phiostal liom.*

1. Conas go raibh Méröde-Westerloo ar dhuine de na daoine ab ádhúla ag Cath Bleinheim?
2. Conas a tharla sé go ndeachaigh Méröde-Westerloo agus a chapall síos ailt dhomhain i mullach a gcinn?
3. Cad a bhí á dhéanamh ag an namhaid sa mhóinéar riascach?
4. Cad iad na dainséir bhereise a raibh ar Méröde-Westerloo aghaidh a thabhairt orthu sa mhóinéar riascach?
5. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Louis XIV i gCogadh Chomharbas na Spáinne?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sébastien le Prestre de Vauban.
2. Peadar Mór na Rúise.
3. Turnamh monarcacht na Stíobhard.
4. Le Grand Tour.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a sheol Comhlacht Sasanach na hIndia Thoir a chuid gnóthaí san Áise?
2. Cad iad na príomhthréithe a bhain le Cúirt Versailles?
3. Cérbh iad an Streltsy agus cén fáth ar díscaoileadh iad?
4. Conas a bhain John Sobieski gradam chomh mór sin amach mar rialtóir ar an bPolainn?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5  
Impireachtaí á mbunú, 1715-1775*

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh Henry Laurens chuit Samuel agus William Vernon, a pháirtithe in Newport Rhode Island, faoi lastas sclábhaithe a bhí le díol aige in Charleston, ar an 29 Meitheamh, 1756. Tugadh na sclábhaithe as Sierra Leone ar cheann de longa Vernon, *The Hare*. Léigh an sliocht leasaithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an oiread ceannaitheoirí againn agus ba mhian linn dá mbeadh a thrí oiread le díol againn. Bhí an-fhearg ar an-chuid díobh gur thugamar cuireadh dóibh a theacht anuas, ochtó nó nóncha mile bealaigh, chun féachaint ar bhuíon de ‘sclábhaithe dríodair’ mar a thug siad orthu. D’áitiomar orthu, le deacracht, fanacht leis an diolachán.*

Inniu, dhiolamar ceathracha dó sclábhái ar £7,455-12 scilling lena n-áirítear iad siúd a dioladh ar ceant agus nach bhfuarthas orthu ach £35-12 scilling. Bhí an chosúlacht orthu nach raibh aon seans go dtiocfaidís chucu féin. Ag Dia atá a fhios cad a dhéanfaimid leo siúd atá fanta, is tréad thar a bheith suarach iad. Tá síle roinnt acu an-tinn, is páistí atá an-lag triúr acu, agus an rud is measa ar fad, tá idir seisear agus ochtar díobh sean.

1. An raibh dóthain sclábhaithe ann chun freastal ar an éileamh?
2. Cén fáth a raibh cuid de na ceannaitheoirí feargach?
3. Cá mhéad airgid a rinne Laurens agus a pháirtithe ag an gceant?
4. Dar le Laurens, cén cineál sclábhaithe nár dioladh ag an gceant?
5. Cad iad na cineálacha oibre a raibh formhór na sclábhaithe ag teastáil lena n-aghaidh i Meiriceá?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athstruchtúrú airm na hEorpa.
2. Diúc Bridgewater agus tógáil canálacha.
3. Marsantachas agus laissez-faire.
4. Caitríona Mhór na Rúise.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí leis an *Boston Tea Party* agus cad iad na hiarmhairtí a bhí aige?
2. Cad a táirgeadh ar phlandálacha sclábhaithe na nIndiacha Thiar agus conas a trádáladh an táirge?
3. Cad iad na tuairimí a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas chun cinn:  
Voltaire; Denis Diderot; Jean-Jacques Rousseau?
4. Ar éirigh le Maria Theresa na hOstaire a huallmhianta a bhaint amach? Cuir fáthanna le do fhreagra?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6  
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815*

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Chuaigh Louis Simond, Francach gérshúileach, ar thuras timpeall Shasana in 1810-11 agus d'fhoilsigh sé a thuairimí i bhfoirm leabhair, in 1815. Léigh an sliocht leasaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá grúdlann Barclay & Co ar cheann de na cinn is suntasáí. Tagann an chumhacht don ghnóthas ar fad ó ‘chaidéal tine’ le tríocha each-chumhacht. Gluaiseann racáin mhóra mhillteacha suas agus síos agus meascann siad na coirí atá dhá throigh déag ar airde agus scór troigh ar leithead. Is iontu seo atá na leannlusanna agus tá siad suite os cionn na tine. Iompraíonn ardaitheoirí 2500 buiséal de ghrán grúdaire gach lá go barr an fhoirgnimh agus déantar é a dháileadh as sin.*

*Tá an meisín pumpála féin a dhéanann é seo ar fad chomh dea-thóghtha sin agus a laghad sin de chuimilt istigh ann nach bhfuil níos mó torainn uaidh ná a bheadh ó uaireadóir ag ticeáil. D’fhéadfá biorán a chloisteáil ag titim aon áit san fhoirgneamh.*

*Is fiú £3000 steirling an dabhach is lú nuair a bhíonn sí lán le beoir. Má dhéantar é a riomh ar an mbun sin, tá caipiteal de £300,000 steirling sa siléar amháin. Is dócha go dteastaíonn caipiteal de leathmhilliún ar a laghad ón tionscnamh ina iomláine. Tá an foirgneamh dódhionach, tá na hurláir déanta as miotal agus na balláí déanta as bríci. Tagann 250,000 bairille beorach amach as gach bliain.*

1. Conas a cuireadh cumhacht ar fáil don ghrúdlann?
2. Cé chomh mór agus a bhí na coirí agus conas a meascadh iad?
3. Cén fáth a raibh an meisín pumpála chomh ciúin sin?
4. Dar le Louis Simond, cad a theastaíonn ó chaipiteal iomlán na grúlainne?
5. Cén bealach nua a fuarthas chun cumhacht a chur ar fáil do mheaisíni le linn na réabhlóide tionsclaíche?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Mary Wollstonecraft.
2. Tom Paine.
3. Fadhbanna na bochtaineachta i mbailte tionsclaíocha.
4. Cur ar ceal thrádáil na sclábhaíochta.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'athraigh an réabhlóid thionsclaíoch Manchain?
2. Cén fáth ar chuir an oiread sin de mhuintir na Fraince i gcoinne Bhunreacht Sibhialta na Cléire?
3. Ar chuir Coiste na Slándála Poiblí rial i bhfeidhm sa Fhrainc? Cuir fáthanna le do fhreagra.
4. Cé chomh forleathan agus cé chomh scriosach agus a bhí cogaí Napoleon san Eoraip?

# **Leathanach Bán**

# Leathanach Bán